

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi cheolchoirm speisialta i gCo. Dhún na nGall. Ag an gceolchoirm, seinnfidh Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ (*RTÉ Concert Orchestra*) agus ceoltóirí traidisiúnta na hamhráin Ghaeilge is ansa leis an bpobal (*the public's favourite Irish songs*). Éist leis an amhrán a sheinnfidh an teagascóir agus pléigh na ceistanna leis an duine in aice leat ansin. Líonaigí isteach an tábla stór focal freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
amhrán ceolchoirm is ansa liom	<i>excited</i> <i>looking forward to</i> <i>streamed</i>

- Ar thaitin an t-amhrán leat? Cén fáth?
(Thaitin, mar tá an fonn go hálainn / tá na focail brónach. / Níor thaitin, mar tá sé leadránach.)
- Cén cineál ceoil a thaitníonn leat? An éisteannt tú le ceol Gaeilge?
(popcheol, rac-cheol, ceol traidisiúnta, ceol clasaiceach, rapcheol ...)
- An seinneann tú uirlis cheoil ar bith nó an gcanann tú?
(Seinnim an fhidil, an giotár, an pianó. / Canaim i gcór. / Ní sheinnim aon uirlis, ach ...)
- An raibh tú riamh ag ceolchoirm? Inis don duine eile faoi.
(Bhí mé ag ceolchoirm ... anuraidh. Bhí an-oíche againn! / Ní raibh, ach ba bhreá liom ...)




B: FOCLÓIR

- Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball beag. Abair amach os ard iad agus déan iarracht iad a fhuaimniú i gceart. Ní gá go mbeadh siad ar eolas agat go fóill.

Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
comóradh annamh uirlisí fabhraigh moltaí foinn		baicle bheag sceitimíní ag tnúth le stiúrthóir dúshlán sruthaithe	

Féach ar an mír den chéad uair anois agus cuir cluas ort féin do na focail sin.

- Agus tú ag obair leis an duine in aice leat, pléigí brí na bhfocal le chéile. Breacaigí isteach na leaganacha Béarla sa tábla thuas.
- Tugaigí faoin gcrosfhocal thíos anois. Is iad na focail sa tábla thuas atá le cur isteach ann (gan spásanna idir na focail).



Trasna

- Ceol na n-amhrán, gan na focail.
- An duine a bhíonn i gceannas ar an gceolfhoireann.
- Tuairimí a thugann tú do dhuine eile faoi cad ba cheart a dhéanamh nó a roghnú.
- Ní tharlaíonn sé go minic.
- Fás nó forbair de réir a chéile (smaoineamh, mar shampla).
- Grúpa beag daoine. (dhá fhocal)

Síos

- Bíonn _____ ort nuair a bhíonn tú (8 síos).
- Rudaí a sheinneann ceoltóirí – an fhidil, an pianó srl.
- Rud deacair a chaithfidh tú a dhéanamh nó a shárú.
- Nuair a fhéachann tú ar chraoladh beo ar an idirlíon (YouTube srl.), is físeán _____ é
- A bheith ag súil go mór le rud éigin. (trí fhocal)
- Ócáid a cheiliúránn rud tábhachtach a tharla blianta ó shin. (“_____ céad bliain RTÉ”)

- Cad is brí leis an bhfrása: **dul i dtaithí ar a chéile**? A, B nó C?

A. *to get tired of each other*

B. *to get used to each other*

C. *to take turns*

- Cé acu de na frásaí thíos an ceann corr? A, B, C nó D?

A. *i gcuideachta*

B. *in éineacht le*

C. *i dteannta*

D. *in aghaidh*

C: TUISCINT

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cá mbeidh an cheolchoirm ar siúl?
2. Cad a d'iarr Dónall Mac Ruairí ar na héisteoirí a dhéanamh?
3. Ní raibh an cheolfhoireann ar fad le chéile i nDún na nGall riamh roimhe.
A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
4. Beidh ceoltóirí agus grúpaí éagsúla ag seinm leis an gceolfhoireann anocht. Luaigh dhá ainm.
5. Cad a bheidh Sadhbh Nic Fhloinn a dhéanamh?
A. Ag canadh trí véarsa ina haonar. B. Ag canadh véarsa amháin agus an churfá. C. Ag seinm na fidle leis an gceolfhoireann.
6. Tá Aoibhinn Ní Mhonacháin neirbhíseach faoin gceolchoirm.
A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
7. Cad é an dúshlán is mó a bheidh ag an gceolfhoireann, dar le Macdara Ó Seireadáin?
A. Na hamhráin Ghaeilge a fhoghlaim in am agus a chleachtadh. B. A bheith ag seinm i séipéal beag ina mbeidh an fhuaim an-éagsúil. C. An dá stíl cheoil a mheascadh agus dul i dtaithí ar a chéile.
8. Cén t-am a chraolfar an cheolchoirm ar RTÉ Raidió na Gaeltachta?
9. Beidh an cheolchoirm le feiceáil beo ar TG4.
A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Na bunuimhreacha)

Seo iad na **deich n-amhrán** is mó a bhfuil dúil againne mar Ghaeil iontu.

- a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Líonaigí an tábla thíos leis an bhfoirm cheart de gach ainmfhocal.

ainmfhocal	1	2	3-6	7-10	20, 30 srl.
<i>amhrán</i>					
<i>cóip</i>					

- b) Tá foirmeacha faoi leith ag na hainmfhocail choitianta thíos i ndiaidh na n-uimhreacha. Líonaigí isteach an tábla sin anois.

ainmfhocal	1	2	3-6	7-10	20, 30 srl.
<i>bliain</i>					
<i>ceann</i>					
<i>seachtain</i>					
<i>uair</i>					

- c) Cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile:

- Cén aois atá tusa agus gach duine i do theaghlach?
- Cathain a bheidh tú ar laethanta saoire arís? (i gceann ...)
- Cé mhéad seomra leapa atá i do theach? (úsáidigí an t-ainmfhocal 'ceann')
- Cé mhéad fuinneog atá sa seomra ina bhfuil tú? (úsáidigí abairt iomlán sa fhreagra)
- Cé mhéad uair a théann tú ag siúl sa tseachtain? (úsáidigí an t-ainmfhocal 'uair')
- Cé mhéad cóta trom atá agat? (úsáidigí abairt iomlán sa fhreagra)

2: Cruinneas gramadaí (Na horduimhreacha)

'an tríú véarsa'

'an dara hamhrán'

'an chéad ghluín eile'

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Líonaigí an tábla thíos leis an bhfoirm cheart de gach ainmfhocal.

ainmfhocal	1	2	3-10
<i>abairt</i>			
<i>cóip</i>			
<i>duine</i>			

E: CUMARSÁID

1: Caint

a) Na trí amhrán Gaeilge is ansa liom:

Scríobh síos na trí amhrán Gaeilge is fearr leat. Is cuma cén cineál amhráin atá i gceist: amhrán traidisiúnta, popamhrán, amhrán a d'fhoghlaim tú ar scoil ...

1. _____
2. _____
3. _____

b) Siúil timpeall an ranga:

Siúil timpeall an ranga agus labhair le gach duine. Inis dóibh faoi na trí amhrán is fearr leat agus an chúis a dtaitníonn siad leat. Cuir ceist orthu faoi na hamhráin is fearr leo féin agus breac síos ainmneacha na n-amhrán a luann siad. Bainigí úsáid as na frásaí seo:

- Cad é an t-amhrán Gaeilge is fearr leat?
- Is é _____ an chéad amhrán ar mo liosta. / Tá _____ sa dara háit / sa tríú háit agam.
- Is maith liom é mar tá an fonn go hálainn / tá na focail greannmhar / bíonn sé ar siúl ag gach cóisir.
- Cuireann sé mo sheanmháthair / mo laethanta saoire / mo scoil i gcuimhne dom.

c) Na cúig amhrán is ansa leis an rang:

Anois, oibrigí le chéile chun liosta a chur le chéile de na cúig amhrán Gaeilge is fearr leis an rang. Tugaigí trí phointe don chéad amhrán ar bhur liosta, dhá phointe don dara ceann agus pointe amháin don tríú ceann. Cén t-amhrán atá sa chéad áit? An bhfuil aon cheann de na hamhráin ón mír ar bhur liosta?



2: Scríobh

Scríobh ríomhphost (thart ar 10 líne) chuig an gclár 'Cóisir Cheoil' ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ag moladh amhráin Ghaeilge don liosta. Inis dóibh:

- an t-amhrán atá i gceist agus cé a chanann é
- cathain a chuala tú an t-amhrán den chéad uair
- cén fáth a dtaitníonn sé leat
- cén áit ar an liosta ba cheart dó a bheith, dar leat (an chéad áit, an dara háit ...)

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:

AN TRAS-SCRÍBHINN

Eimear Ní Chonaola

Anois, faoi cheann cúpla nóiméad, cuirfear tús le ceolchoirm speisialta i nGaeltacht Dhún na nGall. Den chéad uair riamh, beidh Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ ag seinnt¹ i Séipéal Chríost Rí i nGort an Choirce mar chuid de chomóradh céad bliain RTÉ.

Ailbhe Ó Monacháin

Na huirilís clasaiceacha á gcleachtadh inniu i dTeach Pobail Chríost Rí i nGort an Choirce de choirm cheoil annamh a bheas² anseo anocht. Cóisir cheoil a bheas anseo de chuid de na hamhráin is ansa leis an phobal³. Smaointiú⁴ a d'fhabhraigh in intinn craoltóra as an taobh seo tíre.

Dónall Mac Ruairí, Láithreoir 'Cóisir Cheoil' RTÉ Raidió na Gaeltachta

Sin deich n-amhrán is mó a bhfuil dúil againne mar Ghaeil iontu agus chuaigh mé i gceann na hoibre sin. Chuaigh mé i dteagmháil leis na héisteoirí agus d'iarr mé orthu, go díreach, a gcuid moltaí a sheoladh isteach a fhad liom.

Ailbhe Ó Monacháin

I mí an Mheithimh a d'fhógair Raidió na Gaeltachta na deich n-amhrán is ansa leis an phobal agus gurb iad ceoltóirí na Gaeltachta agus ceolfhoireann RTÉ a dhéanfaidh an pósadh idir na foinn agus na focail ag altóir Ghort an Choirce.

Dónall Mac Ruairí, Láithreoir 'Cóisir Cheoil' RTÉ Raidió na Gaeltachta

Seo an chéad uair daofa⁵ uilig⁶ a bheith i nDún na nGall. Bhí baicle bheag acu anseo, tá traidhfil blianta ó shin. Ach ní raibh siad uilig anseo i gcuideachta a chéile, mar sin tá muid ag súil go mór leis an oíche.

Ailbhe Ó Monacháin

I gcuideachta na ceolfhoirne anocht, beidh ceoltóirí mar Altan, Iarla Ó Lionáird, Zoë Conway agus John McIntyre agus an chéad ghlúin eile.

Sadhbh Nic Fhloinn, Amhránaí, Co. Chiarraí

Táimse ag canadh an amhráin An Cailín Álainn leis an *orchestra* agus táim ag canadh an tríú véarsa agus an churfá le gach aon duine eile. Tá sceitimíní an domhain orm agus táim ag tnúth go mór leis.

Aoibhinn Ní Mhonacháin, Amhránaí, Co. Mhaigh Eo

Is ócáid dhochreidte í agus tá áthas an domhain orm a bheith ag glacadh páirt sa cheolchoirm mar ní dhearna muid rud éigin riamh mar seo.

Macdara Ó Seireadáin, Ceolfhoireann Coirme RTÉ

De ghnáth, leis an gceol clasaiceach, bíonn stiúrthóir i gceannas ar an rud ar fad, ag rá linn cé chomh tapa a bheidh sé, cé chomh mall – rudaí mar sin. Leis an gceol traidisiúnta, tá *kind of* an stíl, ceol aireagail, bíonn daoine ag comhoibriú le chéile agus an deacracht nó an dúshlán is mó atá againn ná an meascadh sin – caithfidh dul i dtaithí ar a chéile.

Ailbhe Ó Monacháin

Craolfar an choirm beo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar leath i ndiaidh a seacht, agus beidh sí le feiceáil sruthaithe ar chainéal YouTube an stáisiúin.

¹ ag seinnt = leagan canúnach de 'ag seinm'

² a bheas = a bheidh

³ Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.

⁴ smaointiú = leagan canúnach de 'smaoineamh'

⁵ daofa = leagan canúnach de 'dóibh'

⁶ uilig = leagan canúnach de 'uile'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí ‘machnamh’ a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.


Seinn *Amhrán Mhainse*, an chéad amhrán ar liosta Chóisir Cheoil, do na foghlaimeoirí ar dtús. Is féidir é a sheinm ón leathanach seo: <https://nos.ie/news/amhran-mhainse-ag-1-ar-liosta-amhran-nag/>. Moltar duit súil a chaitheamh ar na liricí roimh an rang: <https://songsinirish.com/amhran-mhainse-lyrics/>. Tabhair deis do na foghlaimeoirí éisteacht leis uair nó dhó, agus ansin na ceisteanna a phlé le chéile.

B: FOCLÓIR

1. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo le haon deacracht foghraíochta a bheadh acu. Ná tabhair na leaganacha Béarla do na foghlaimeoirí go fóill. Abair leo go gcuideoidh comhthéacs na míre leo na focail a thuiscint.
2. Tabhair deis do gach beirt na focail a phlé le chéile tar éis na chéad féachana agus brí na bhfocal a dhéanamh amach le chéile. Tar éis cúpla nóiméad, cinntigh go bhfuil brí na bhfocal acu agus go bhfuil an leagan Béarla scríofa sna colúin chuí. Féach:

Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
comóradh	<i>commemoration</i>	baicle bheag	<i>a small group</i>
annamh	<i>rare, unusual</i>	sceitimíní	<i>excitement</i>
uirlisí	<i>instruments</i>	ag tnúth le	<i>looking forward to</i>
fabhraigh	<i>develop, take shape</i>	stiúrthóir	<i>conductor</i>
moltaí	<i>suggestions, recommendations</i>	dúshlán	<i>challenge</i>
foinn	<i>tunes, airs</i>	sruthaithe	<i>streamed</i>

3. Abair leo an crosfhocal a dhéanamh ina mbeirteanna. Mínigh dóibh gurb iad na focail atá díreach pléite acu na focail atá á gcuardach acu.



4. B. (dul i dtaithí ar a chéile = to get used to each other)
5. D. Ciallaíonn na cinn eile together with / in the company of. Ciallaíonn 'in aghaidh' against.

C: TUISCINT

Freagraí:

1. Cá mbeidh an cheolchoirm ar siúl?
<i>I dTeach Pobail Chríost Rí (i Séipéal Chríost Rí) i nGort an Choirce, Co. Dhún na nGall.</i>
2. Cad a d'iarr Dónall Mac Ruairí ar na héisteoirí a dhéanamh?
<i>Na moltaí a bhí acu a sheoladh isteach chuige.</i>
3. Ní raibh an cheolfhoireann ar fad le chéile i nDún na nGall riamh roimhe.
A
4. Beidh ceoltóirí agus grúpaí éagsúla ag seinm leis an gceolfhoireann anocht. Luaigh dhá ainm:
<i>Altan, Iarla Ó Lionáird, Zoë Conway, John McIntyre.</i>
5. Cad a bheidh Sathbh Nic Fhloinn a dhéanamh?
B
6. Tá Aoibhinn Ní Mhonacháin neirbhíseach faoin gceolchoirm.
<i>C. Deir sí go bhfuil áthas an domhain uirthi; ní deir sí go bhfuil sí neirbhíseach.</i>
7. Cad é an dúshlán is mó a bheidh roimh an gceolfhoireann, dar le Macdara Ó Seireadáin?
C
8. Cén t-am a chraolfar an cheolchoirm ar RTÉ Raidió na Gaeltachta?
<i>Ar leathuair tar éis a seacht (7.30).</i>
9. Beidh an cheolchoirm le feiceáil beo ar TG4.
<i>C. Ní luaitear TG4; deirtear go mbeidh sí ar RnaG agus ar chainéal YouTube an stáisiúin.</i>

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Na bunuimhreacha)

a) Freagraí:

ainmfhocal	1 aon x amháin	2 dhá	3-6 trí, ceithre, cúig, sé	7-10 seacht, ocht, naoi, deich	20, 30 srl.
<i>abairt</i>	<i>abairt amháin</i>	<i>dhá abairt</i>	<i>trí abairt</i>	<i>ocht n-abairt</i>	<i>fiche abairt</i>
<i>cóip</i>	<i>cóip amháin</i>	<i>dhá chóip</i>	<i>cúig chóip</i>	<i>seacht gcóip</i>	<i>tríocha cóip</i>

Bíonn an t-ainmfhocal san uimhir uatha i ndiaidh na mbunaimhreacha. 1: *cóip amháin* nó *aon chóip amháin*. 2: séimhiú (*dhá chóip*). 3 – 6: séimhiú (*trí chóip*). 7 – 10: urú (*seacht gcóip*). 20, 30 srl.: gan athrú (*fiche cóip*).

Cuimhnigh ar *déag* freisin: séimhítear é tar éis ainmfhocal a chríochnaíonn ar ghuta (*trí ghúna dhéag*). Ní shéimhítear é tar éis ainmfhocal a chríochnaíonn ar chonsan (*ceithre leabhar déag*).

b) Freagraí:

ainmfhocal	1	2	3-6	7-10	20, 30 srl.
<i>bliain</i>	<i>bliain amháin</i>	<i>dhá bhliain</i>	<i>cúig bliana</i>	<i>ocht mbliana</i>	<i>fiche bliain</i>
<i>ceann</i>	<i>ceann amháin</i>	<i>dhá cheann</i>	<i>ceithre cinn</i>	<i>seacht gcinn</i>	<i>daichead ceann</i>
<i>seachtain</i>	<i>seachtain amháin</i>	<i>dhá sheachtain</i>	<i>trí seachtaine</i>	<i>naoi seachtaine</i>	<i>caoga seachtain</i>
<i>uair</i>	<i>uair amháin</i>	<i>dhá uair</i>	<i>sé huaire</i>	<i>deich n-uair</i>	<i>seachtó uair</i>

Cuimhnigh ar *déag* freisin: ní shéimhítear riamh é tar éis na n-ainmfhocal sin (*naoi mbliana déag*).

c) Beidh freagraí éagsúla ag na foghlaimoirí.

2: Cruinneas gramadaí (Na horduimhreacha)

Freagraí:

ainmfhocal	1 an chéad	2 an dara	3-10 an tríú, an ceathrú, an cúigiú, an séú, an seachtú, an t-ochtú, an naoú, an deichiú
<i>amhrán</i>	<i>an chéad amhrán</i>	<i>an dara hamhrán</i>	<i>an tríú hamhrán</i>
<i>cóip</i>	<i>an chéad chóip</i>	<i>an dara cóip</i>	<i>an ceathrú cóip</i>
<i>duine</i>	<i>an chéad duine</i>	<i>an dara duine</i>	<i>an naoú duine</i>

Cuirtear séimhiú i ndiaidh *an chéad* (*an chéad chóip*), ach ní chuirtear séimhiú ar *d*, *t* ná *s* (*an chéad duine*). I ndiaidh na n-orduimhreacha eile, cuirtear *h* roimh ghuta (*an dara habairt*, *an tríú habairt*) ach ní athraítear consain (*an dara cóip*). Ní bhíonn séimhiú riamh ar *déag* tar éis na n-orduimhreacha: an cúigiú hoíche déag.

E: CUMARSÁID

1: Caint

- Tabhair cúpla nóiméad do na foghlaimeoirí a liosta féin a scríobh. Mura bhfuil mórán amhrán Gaeilge ar eolas acu, mol dóibh smaoineamh ar amhráin a d'fhoghlaim siad ar scoil.
- Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus ag cuidiú leo le linn na cainte. Cuir béim ar na horduimhreacha (an chéad áit, an dara háit, an tríú háit).
- Scríobh na hamhráin ar an gclár bán de réir mar a luann na foghlaimeoirí iad, agus cuir na pointí leo (3 don chéad áit, 2 don dara háit, 1 don tríú háit). Ag an deireadh, comhair na pointí leis an rang agus fógair na cúig amhrán is fearr leis an rang. Is deis mhaith í seo chun na horduimhreacha a chleachtadh: sa chéad áit, sa dara háit, sa tríú háit. Féach:

	Sa chéad áit (3 phointe)	Sa dara háit (dhá phointe)	Sa tríú háit (pointe amháin)
Seán	Samhradh, Samhradh	An Cailín Álainn	Báidín Fheilimí
Aoife	An Cailín Álainn	Báidín Fheilimí	Óró Sé do Bheatha 'Bhaile
Liam	An Cailín Álainn	Samhradh, Samhradh	Trasna na dTonnta
Niamh	Trasna na dTonnta	An Cailín Álainn	Samhradh, Samhradh

An Cailín Álainn 10, Samhradh, Samhradh 6, Trasna na dTonnta 4, Báidín Fheilimí 3, Óró 1

*Má tá an t-am agat, is féidir an ghníomhaíocht chéanna a dhéanamh ach le hamhráin eile, nach amhráin Ghaeilge iad.

2: Scríobh

Abair leo an ríomhphost a scríobh. Freagra samplach:

A Dhónaill, a chara,

Is mise Ciara agus is as Cill Airne mé. Ba mhaith liom amhrán a mholadh don liosta: Báidín Fheilimí. Chuala mé an t-amhrán den chéad uair ar scoil nuair a bhí mé sé bliana d'aois. Canann mo sheanmháthair é gach Nollaig freisin agus cuireann sé an teaghlach ar fad i gcuimhne dom. Tá an fonn simplí agus tá an curfá an-éasca le canadh. Ba cheart dó a bheith sa chéad áit ar an liosta, dar liomsa!

Go raibh maith agat as an gclár iontach.

Le gach dea-ghuí,

Ciara

Cuir béim ar na horduimhreacha (*an chéad uair, sa chéad áit*) agus ar na bunuimhreacha (*sé bliana*).

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.